Nollaig 2017

Tá críoch ag teacht leis an téarma scoile agus tá múinteoirí agus tuismitheoirí na scoile sásta le dul chun cinn na ndaltaí ó Mhéan Fómhair. Cinnte tá sos tuillte acu go léir agus tá súil againn go mbeidh Nollaig álainn agaibh go léir.

As the first school term comes to an end we are very pleased with the pupil's work and progress since September. They have worked very hard and we hope that the children have a deserved rest and we wish you all a very Happy Christmas.

Bhí téarma an-mhaith ar fad againn i Scoil Aonghusa. Tá ag éirí go han-mhaith le ceoltóirí na scoile agus táimid sásta leis an bhforbairt atá ag teacht ar dhaltaí Rang 4 ar an bhfidil agus ar dhaltaí Rang 5 agus 6 ar an bhfidil agus giotár. Comhghairdeas leis na páistí ón scoil a ghlac páirt sa cheolchoirm 'Trad na Samhna' san ionad Barbican le déanaí. Tá ard-mholadh tuillte do chór na scoile agus iad ag ullmhú don Peace Proms. Tá ard-mholadh tuillte do fhoireann Tráth na gCeist na scoile. D'éirigh go hiontach le foireann peile agus foireann reatha na scoile. Tá grianghraf de fhoireann Tráth na gCeist agus grianghraf de fhoireann reatha na scoile le na boinn a bhuaigh siad ar chrochadh sa phasáiste thíos staighre sa scoil. Thaitin Lá Spóirt an Garda Suíochána le daltaí Rang 6. Tá daltaí na scoile ag baint taitnimh agus tairbhe as na ranganna ceoil agus amhránaíochta le Geraldine Doggett gach Aoine. D'éirigh go hiontach le foireann fichille na scoile le déanaí

We had a great first term in Scoil Aonghus . The musicians of Rang 4 on the fiddle and Rang 5 and 6 on fiddle or guitar are progressing very well. Congratulations to all the musicians who performed at the recent concert, 'Trad na Samhna' organised by Comhaltas Ceoltóirí. Well done to the school choir, who are preparing for the Peace Proms. I congratulate the school Quiz Team on their recent successes. Well done to the school Running Team and our Football Teams. A photograph of the Quiz Team and the Running Team with their medals are on display on the downstairs corridor of the school. The students of Rang 6 enjoyed the annual Sport's Day organised by An Garda Síochána. All the pupils of the school are enjoying and benefitting greatly from the Music Appreciation Classes and singing with Geraldine Doggett every Friday. We congratulate the chess team on their recent success.

Comhghairdeas le gach éinne a ghlac sos digiteacha i rith Mí Dheireadh Fómhair agus gabhaim buíochas le daltaí Rang 6 a choinnigh dialann agus iad i mbun an sos digiteacha. Ba éispéaras foghlama dearfach a bhí ann do chuile duine a ghlac páirt as.

We highly commend all those who took part in the October Digital Detox. We thank the students who kept a daily diary and recorded their Digital Detox journey and benefits. Without a doubt it proved to be a very positive learning experience for all who participated in the initiative.

Le linn an téarma thug Sarah Leader ó SocialNetiquette ceardlann agus seisiúin eolais ar Shábháilteacht Idirlín do dhaltaí Rang 4, 5 agus Rang 6. D'aontaigh gach tuismitheoir a bhí i láthair ag oíche eolais an tuismitheora gurb fhiú go mór an t-eolas agus nodanna a thug Sarah ar an oíche. Tá cóip de nótaí agus nodanna Sarah ar shuíomh idirlín na scoile faoin teideal 'Nuachtlitreacha'.

Scoil Aonghusa

During the term Sarah Leader from SocialNetiquette presented a very insightful and beneficial workshop and information session on Internet Safety to the students of Rang 4, 5 and 6. All parents who attended the parent information session agreed that the information and tips that Sarah presented on the night were very beneficial for all. A copy of Sarah's notes and safety tips for parents are now available on our website under the heading 'Newsletters'.

De réir cosúlachta tá pobal na scoile ag baint sult agus tairbhe as Máirt Machnamhach. Gabhaimid buíochas le gach duine a sheol grianghraf chugainn.

By all accounts the school community is enjoying Mindfulness Tuesday and we thank all those who forwarded photos for display in the school.

Gabhaimid buíochas le daltaí, múinteoirí agus Rachel as ucht an obair ar fad a rinne siad chun an scoil a mhaisiú don Nollaig. Tá an scoil agus na seomraí ar fad ag féachaint go hálainn le healaín na bpáistí.

We thank the students, teachers and Rachel for all their work and help to decorate the school for Christmas. The school and the classrooms are looking great with all the children's artwork.

Gabhaimid buíochas le Dearbhla agus Cros Dhearg na hÉireann as ucht an ceardlann garchabhrach a chuir siad ar fáil do dhaltaí Rang 4.

Thank you to Dearbhla and The Red Cross for the brilliant first aid workshop they recently presented to Rang 4.

Tá Coiste na nDaltaí ag obair go dian. Buaileann Coiste na nDaltaí le Múinteoir Edel i rith am lóin gach dara Luan. Tá teidí na smaointe fágtha ag an gCoiste taobh amuigh d'oifig Edel do pháistí na scoile. Tá córas páirtíochta againn sa scoil agus gabhaimid buíochas le daltaí Rang 5 agus Rang 6 atá mar mheantóir cúnta ag páistí sna Naíonáin sa chlós.

Our Student's Council meets with Múinteoir Edel every second Monday at lunchtime. The Council has an 'Idea's Teddy' left outside the Principal's office for the use of the students of the school. We have a 'Buddy System' in the school and we thank the students from Rang 5 and Rang 6 who are paired with children in the younger classes and help in the yard during playtimes.

Tá páistí Rang na Naíonán Sóisir socruithe go maith agus iad ag baint an-sult as gníomhaíochtaí laethúla an ranga ach go háirithe ceol le Geraldine sa halla ar an Aoine. Táimid sásta le dul chun cinn i Rang na Naíonáin Sinsir agus tá feabhas suantasach ag teacht ar labhairt Gaeilge na bpáistí. Tosóidh múineadh foirmeálta an Bhéarla i Rang na Naíonán Sinsir i Mí Eanáir.

The Junior Infants have settled in very well and the children are enjoying all their class activities. The children particularly love music with Geraldine on a Friday. We are very happy with the progress being made by the children in the Senior Infants' classroom. The children's Irish fluency is improving daily. The children in Senior Infants will begin formal English instruction in January.

Thaitin na gníomhaíochtaí i rith Seachtain Mata agus an Lá Eolaíochta go mór le gach duine. Tá grianghraif ar thaispeáint anois sa phasáiste thíos staighre agus sa halla. Gabhaimid buíochas le Cumann na dTuismitheoirí as ucht íoc as na ceardlanna eolaíochta a bhí ag Rang 1 – Rang 6.

The children enjoyed the activities and games during Maths Week and our Science Day was a great success. Photographs capturing all the activity, learning and enjoyment are on display on the walls of the school

corridor and in the hall. We sincerely thank Cumann na dTuismitheoirí for paying for the Rang 1 – Rang 6 Science Workshops.

D'éirigh go h-an mhaith leis na ceachtanna snámha a bhí ag Rang 3, 4, 5 agus Rang 6 i rith an téarma. Beidh ceacht snámha ag Rang 5 agus Rang 6 ar na dátaí seo a leanas - 8, 15 agus 22 Eanáir 2018.

The swimming lessons for Rang 3, 4, 5 and 6 were enjoyed and greatly benefitted the students. There will be swimming lessons for Rang 5 and Rang 6 on the following dates - 8, 15 and 22 January.

Gabhaimid buíochas le Móinsíneoir Jim, Séiplíneach na scoile. I rith an téarma bhí cruinniú i gcomhair tuismitheoirí Rang 2 le Elaine Mc Mahon, údar den chlár nua Reiligiúin- I nGrá De. Bhí Aifreann Clárúcháin ag Rang 2 i Séipéal Naomh Peadar ar an 3 Nollaig. Bhí Seirbhís Urnaí na hAidbhinte agus deis ag daltaí Rang 3, 4, 5 agus 6 páirt a ghlacadh i Searmanas na Faoistine i halla na scoile le déanaí. Tá Rang 3 ag baint sult as an am speisialta machnamhach seachtainiúil a bhíonn acu sa halla.

We thank Monsignor Jim our school Chaplin. During the term the parents of Rang 2 attended a preparation meeting in the school presented by Elaine Mc Mahon, author of the new Religion Programme - Grow in Love. The pupils of Rang 2 attended their Enrolment Mass as part of their Sacramental Preparation on 3rd Of December in St. Peter's Church. Pupils in Rang 3, 4, 5 and 6 recently attended an Advent Prayer Service and had the opportunity to receive the Sacrament of Reconciliation. Rang 3 are enjoying their weekly meditation and 'special time' in the hall.

Cuirim i gcuimhne duit go bhfuil tuairisc 2016/17 ó Bhord Bainistíochta na scoile le léamh ar ár suíomh - www.scoilaonghusa.com. Gabhaim buíochas le Ciara atá ag tabhairt cabhair dúinn uasdátú a dhéanamh ar ár suíomh idirlín faoi láthair.

I invite you to read if you have not yet done so, on our website, the Board of Management Report 2016/17, which can be found under the heading 'Newsletter'. A word of thanks to Ciara who is currently helping us to update the school website.

Faoi láthair tá an scoil ag cur an-bhéim ar scríbhneoireacht na Gaeilge agus deiseanna scríbhneoireachta a thabhairt do na páistí. Tá portfóilió ag gach páiste agus samplaí d'obair na bpáistí á bailiú acu. Téann na portfóiliónna seo ar aghaidh ó bhliain go dtí an chéad scoilbhliain eile. I rith an téarma seo bhí deis ag daltaí Rang 1 – Rang 6 dul tríd próiseas na scríbhneoireachta agus áititheach a scríobh.

As a school we are placing an emphasis and focus on Irish writing and opportunities for the children to engage with writing. Each child has a portfolio folder and the children have the opportunity to collect samples of their work. The portfolio follows the child from one class year to the next and thus tracks the child's progress. This term the students in Rang 1 – Rang 6 had the opportunity to go through the stages of the writing process and write a persuasive argument.

Gabhaim buíochas le Miryam Mc Donnell, Cathaoirleach agus Cumann na dTuismitheoirí ar fad as ucht na hoibre a rinne siad do Chrannchur na Nollag agus scéim coigiltis don scéim leabhair Beidh Crannchur na Nollag ar siúl againn ar an Luan 18 Nollaig. Míle buíochas libhse a thuismitheoirí as ucht bhur gcineáltas.

A sincere word of thanks to Miryam Mc Donnell, Chairperson of Cumann na dTuismitheoirí and to all members of the Parents' Association for all their work in organising our Christmas Raffle and the savings

scheme towards the cost of the Book Scheme. Our Raffle will take place on Monday 18th January. We thank all parents and families for your generosity.

Faoi láthair tá boscaí bailiúcháin sa scoil chun bia a bhailiú i gcomhair Naomh Uinseann de Phól. Is féidir le páistí na scoile bia a thabhairt isteach don bhosca roimh Luan 18 Nollaig.

Currently there are collection boxes in the classrooms for non-perishable foods to be given to St. Vincent de Paul. Children can bring food to school and place it in the box before next Monday 18th December.

Buaicphointe an téarma ná cuairt agus ceolchoirm John Spillane. Ár mbuíochas le Cumann na dTuismitheoirí as ucht táille John a íocadh.

A highlight of our school term was the visit and great concert performed by John Spillane for all the children of the school. We are most grateful to Cumann na dTuimitheoirí for paying John's fee.

Beidh Scoil Aonghusa dúnta do dhaltaí na scoile ar an Aoine 19 Eanáir de bharr go mbeidh lá inseirbhíse ag Múinteoirí na scoile ar Churaclam Teanga na Bunscoile.

Please note, Scoil Aonghusa will be closed for all children on Friday 19th of January due to a Teacher's in-service day on the Primary Language Curriculum.

Tá a lán imeachtaí eagraithe sa scoil don Nollaig. The following is the *schedule of events in the school for Christmas.*

Aoine 15 Nollaig

- Dráma Rang na Naíonan Sóisir @ 10 a chlog
- Dráma Rang 6 @ 2 a chlog

Luan 18 Nollaig

- Crannchur na Nollag sa halla @ 10.15 r.n.
- Rang 1 agus 4 @ 11.15 r.n. , Rang 5 and 6 @ 11.45 r.n. ag canadh san ionad siopadóireachta St. Laurence's. All proceeds of the Carol Singing will go to SVP.

Máirt 19 Nollaig

- Cuairteoir Speisialta ag Ranganna na Naíonán agus Rang 1
- Rang 5 agus Rang 6 ag tabhairt cuairt ar an Mionoispidéal
- Dráma Rang 1 sa halla @ 1.50i.n.

Céadaoin 20 Nollaig

- Seó Puipéid Rang 5 sa halla @ 9.45r.n., 11.15r.n., 1.20i.n.

Déardaoin 21 Nollaig

- Ceolchoirm Rang 3 @ 1.50r.n.

Chun deireadh a chur le 2017 i Scoil Aonghusa beidh na Naíonán agus Rang 2 ag canadh sa chlós ar 11.30 r.n. ar an Aoine 22 Nollaig. Dúnfaidh an scoil ar 12 a chlog.
To end our school term and to create some Christmas spirit the Naíonáin along with Rang 2 will sing on the steps of the school at 11.30 a.m. on Friday 22nd December. The school will close at 12 noon.

Osclóidh an scoil arís ar an Luan 8 Eanáir 2018. Guím Nollaig faoi shéan agus faoi mhaise daoibh go léir.
The school will open on Monday 8th of January 2018. I wish you and your family a very Happy and Peaceful Christmas. I thank you for your continued support and dedication to our school community.